# Scrúduithe Stáit agus Gráid Chreidiúnaithe - Socruithe do Scrúdú na hArdteistiméireachta Feidhmí 2021

5 Márta 2021

Leagan 1.0

# 1. Réamhrá

I mí Iúil 2020, d'fhoilsigh an Roinn treoir do bhainistíocht agus do mhúinteoirí na hArdteistiméireachta Feidhmí (ATF) 2020/21 i Scoileanna Dara Leibhéal agus in Ionaid don Oideachas. Sa treoir a foilsíodh, leagadh amach na socruithe curaclaim agus na socruithe measúnaithe do scoláirí ATF Bliain 1 agus Bliain 2 don bhliain acadúil reatha 2020/21.

Mar sin féin, de bharr COVID-19 agus dúnadh na bhfoirgneamh scoile dá dheasca, chaill scoláirí agus foghlaimeoirí roinnt mhaith teagaisc agus foghlama aghaidh ar aghaidh sna chéad mhíonna de 2021 agus ag deireadh scoilbhliain 2019/2020. Dá bhrí sin, tá socruithe á ndéanamh ag an Aire chun na ceanglais reachtacha atá riachtanach a chur i bhfeidhm le go mbeidh ar chumas Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) córas Grád atá Creidiúnaithe ag CSS a fheidhmiú sa bhreis ar na gnáthscrúduithe (ina mbeidh comhpháirteanna measúnaithe sa bhreis, nuair is infheidhme) do scoláirí reatha na hArdteistiméireachta Feidhmí.

Ciallaíonn sé sin, i gcás Scrúduithe na hArdteistiméireachta Feidhmí 2021, go mbronnfar torthaí bunaithe ar an toradh is fearr as

- Feidhmíocht na scoláirí i scrúduithe na hArdteistiméireachta Feidhmí in aon cheann de na hábhair a dhéanfaidh siad, lena n-áirítear, nuair is iomchuí, feidhmíocht na scoláirí maidir le comhpháirteanna breise a chur i gcrích (obair chúrsa, béaltrialacha etc.)

*Nó*

- Gráid atá Creidiúnaithe ag CSS, ar gráid iad a bhronnfar ar scoláirí i ngach ábhar bunaithe ar mheastacháin na scoileanna maidir le feidhmíocht dhóchúil scoláirí i scrúdú[1] na hArdteistiméireachta Feidmí (ATF) in 2021 agus próiseas caighdeánaithe náisiúnta.

De bharr chineál modúlach chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí, déantar measúnú ar na scoláirí agus bronntar creidiúintí ag pointí rialta i gcaitheamh dhá bhliain an chláir. Chomh maith le modúil a chur i gcrích, tascanna scoláirí, obair chúrsa phraiticiúil, feidhmíocht phraiticiúil, déanann scrúdaitheoirí seachtracha arna gceapadh ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) measúnú ar bhéaltrialacha agus ar scrúduithe scríofa.

Mar chuid den phleanáil do na scrúduithe teastais in 2021, tá gá le socruithe sonracha chun freastal ar scoláirí ATF ina léirítear cur chuige modúlach ATF chun go mbainfidh

[1] Tabhair do d'aire go ndearnadh athruithe ar na scrúduithe in 2021. Féach cuid 2.1 agus na Socruithe Measúnachta do na Scrúduithe Teastais 2021

siad amach a ndámhachtain sa chlár. Go hiondúil, cabhraíonn an comhordaitheoir ATF le comhordú na socruithe ar leibhéal na scoile.

Ba cheart an t-eolas a thugtar sa treoir seo a bhreithniú in éineacht leis An Treoir do na Scrúduithe Stáit agus do na Gráid Chreidiúnaithe don Ardteistiméireacht 2021.

## 2. Na Scrúduithe Stáit

Beidh sé de rogha ag gach scoláire scrúduithe na hArdteistiméireachta a dhéanamh, (lena n-áirítear na scrúduithe scríofa chomh maith leis na comhpháirteanna breise a ghabhann leo) in 2021.

Cuirfidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit na socruithe riachtanacha i bhfeidhm chun na scrúduithe sin a sholáthar, faoi réir na comhairle sláinte poiblí ag an am. Féadfaidh scoláirí ar mian leo na scrúduithe a dhéanamh a bheith rannpháirteach sna béaltrialacha, sna trialacha ar fheidhmíocht phraiticiúil agus san obair chúrsa phraiticiúil agus beidh sé de rogha acu siúd nach mian leo na scrúduithe a dhéanamh Grád atá Creidiúnaithe ag CSS a fháil.

Ní mór d' iarrthóirí ATF i mBliain 2 clárú ar Thairseach CSS d'Iarrthóirí ; a n-ábhair a dheimhniú; agus rogha a dhéanamh maidir le scrúduithe a dhéanamh agus/nó Gráid atá Creidiúnaithe ag CSS a fháil. Osclófar Tairseach CSS d'Iarrthóirí ag 12 a chlog am nóin ar an 10 Márta 2021. Dúnfar Tairseach CSS ag 6.00in ar an 16 Márta 2021.

I gcás iarrthóirí ATF i mBliain 1, beidh CSS i dteagmháil le scoileanna agus ionaid amach anseo. Ní gá d'iarrthóirí ATF i mBliain 1 clárú ar Thairseach CSS i mí an Mhárta.

### 2.1 Coigeartuithe ar na Scrúduithe

Mar fhreagairt don chur isteach ar fhoghlaim scoláirí a tharla le linn na tréimhse ina raibh na scoileanna dúnta in 2020, rinneadh coigeartuithe ar na socruithe measúnaithe do scoláirí iar-bhunscoile a mbeidh na scrúduithe teastais Stáit, ATF san áireamh, á ndéanamh acu i scoilbhliain 2020/21. Cuireadh mionsonraí maidir leis na coigeartuithe sin in iúl do scoileanna, do mhúinteoirí, agus do scoláirí sna **Socruithe Measúnachta do na Scrúduithe Teastais 2021** atá ar fáil anseo. Cuireadh treoir agus socruithe sonracha in iúl maidir le ATF san **Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF) Treoir do bhainistíocht agus do mhúinteoirí ATF 2020/21 i Scoileanna Dara Leibhéal agus in Ionaid don Oideachas** atá ar fáil anseo.

**Chomh maith leis na socruithe sin agus chun an tréimhse inar dúnadh scoileanna i mí Eanáir agus Feabhra 2021 a chur san áireamh, cuireadh roinnt**

**coigeartuithe eile i bhfeidhm agus tá breac-chuntas orthu sin sna codanna seo a leanas.**

## 2.2 Coigeartuithe ar Scrúduithe Scríofa na hArdteistiméireachta Feidhmí

I gcás scrúduithe scríofa ATF, deimhníodh sna socruithe measúnaithe atá leagtha amach in *An Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF) Treoir do bhainistíocht agus do mhúinteoirí ATF 2020/21 i Scoileanna Dara Leibhéal agus in Ionaid don Oideachas* nach ndéanfaí aon choigeartuithe ar na scrúdpháipéir dheireanacha ach go gcuirfí scálú, faoi fhachtóir 1.15, i bhfeidhm ar an marc a bhronnfaí.

Beidh an cur chuig céanna i gceist leis na coigeartuithe breise ar na scrúduithe scríofa ATF ionas go mbeidh an leagan amach coitianta ar na scrúdpháipéir agus beidh fachtóir scálaithe 1.25 le cur i bhfeidhm ar an marc a bhronnfar. Mar shampla, má bhronntar 120 marc as 200 ar iarrthóir, cuirfear scálú faoi fhachtóir 1.25 i bhfeidhm ar an marc a bhronnfar, sé sin 150 marc as móriomlán 200 marc (120 x 1.25).Cuirfear uasteorainn leis na marcanna a bhronnfar de bharr an scálaithe seo chun a chinntiú nach mbronnfar marc iomlán a bheidh níos airde ná an marc uasta a bhaineann leis an scrúdú.

Ar an iomlán, is féidir féachaint ar an athrú a rinneadh mar athrú ina léirítear agus ina n-aithnítear an cur isteach a rinneadh ar ghnáthphatrúin teagaisc agus foghlama agus gur cailleadh roinnt den am foghlama dá bharr sin, agus ag an am céanna aithnítear go ndearna múinteoirí iarrachtaí an-suntasacha leanúnachas san fhoghlaim a sholáthar le teagasc ó chian.

Tá sé beartaithe tús a chur le scrúduithe scríofa ATF ar an 9 Meitheamh 2021.Tá an tráthchlár do na scrúduithe sin ar fáil [anseo](#) .

## 2.3 Comhpháirteanna breise (obair chúrsa phraiticiúil, trialacha ar fheidhmíocht phraiticiúil agus béaltrialacha)

Tugann na comhpháirteanna sin deis do scoláirí a gcuid foghlama a léiriú ar fud réimse de scileanna praiticiúla agus feidhmeacha.

Tá breac-chuntas thíos ar na mionsonraí maidir leis na socruithe atá athraithe i leith gach ábhair (lena n-áirítear na dátaí coigeartaithe chun obair chúrsa a chur isteach agus comhpháirteanna eile a chríochnú).

### 2.3.1 Obair Chúrsa Phraiticiúil

Déantar measúnú ar an obair chúrsa phraiticiúil i sainchúrsaí gairme ATF lena n-áirítear:

1. Grafaic/ Staidéar Foirgníochta
2. Innealtóireacht
3. Teicneolaíocht
4. Cúram Leanaí/Cúram Pobail
5. Ceardaíocht agus Dearadh

Críochnóidh iarrthóirí ATF i mbliain 2 an obair chúrsa phraiticiúil do gach ceann de na sainchúrsaí gairme sin. Cuirfear na tionscadail ar fáil sa scoil lena marcáil ag scrúdaitheoirí arna gceapadh ag CSS, mar is iondúil. Maidir le gach ceann de na sainchúrsaí gairme atá liostaithe ó 1-4 thuas, iarrfar ar iarrthóirí a bheith i láthair i gcomhair agallaimh an lá a mbeidh an obair chúrsa phraiticiúil á marcáil ag an scrúdaitheoir seachtrach i scoileanna. Beidh sé sin ar siúl, mar is iondúil, le linn na seachtainí dar tús an 8 Meitheamh agus an 14 Meitheamh 2021.

Maidir le Ceardaíocht agus Dearadh, ar nós gach bliain eile, ní iarrfar ar iarrthóirí a bheith i láthair i gcomhair agallaimh ar an lá a mbeidh an scrúdaitheoir seachtrach sa scoil.

**Tá na socruithe sin faoi réir comhairle sláinte poiblí agus bearta sláinte poiblí cuí a sholáthar i dtaca le scaradh fisiciúil.**

Cuireadh an tsolúbthacht sna socruithe maidir leis an obair chúrsa a chríochnú agus a chur isteach in iúl do scoileanna i mí Eanáir 2021. Nuair a cinneadh ar na na dátaí chun an obair a chur isteach, tugadh aird chuí ar an ngá a bhí le ham teagaisc na scoláirí a chosaint don chuid eile den scoilbhliain agus a chinntiú go gcloítear le riachtanais sláinte poiblí.

### 2.3.2 Trialacha ar Fheidhmíocht Phraiticiúil

Déanfar trialacha ar fheidhmíocht phraiticiúil a sceidealú lena reáchtáil idir an 17 - 21 Bealtaine 2021 sna sainchúrsaí gairme seo a leanas:

- Lónadóireacht Óstáin agus Turasóireacht
- Riarachán Oifige agus Cúram Custaiméirí
- Staidéar Fóillíochta Gníomhaí
- Gruaig agus Áilleacht
- Talmhaíocht/Gairneoireacht

Déanfar na measúnuithe sin a sholáthar sna scoileanna, ag scrúdaitheoirí seachtracha arna gceapadh ag CSS, chomh cosúil agus is féidir leis an ngnáthbhealach faoi réir comhairle sláinte poiblí ag an am.

Nuair a bheidh gníomhaíochtaí á roghnú agus na trialacha ar fheidhmíocht phraiticiúil á gcur i gcrích ní mór aird a thabhairt ar an gcomhairle sláinte poiblí a bheidh ábhartha ag an am agus na roghanna féideartha a chuirfidh scoláirí i gcrích de bharr srianta COVID-19.

Maidir le riachtanais sláinte poiblí, ní mór aird a thabhairt orthu seo a leanas:

- Staidéar Fóillíochta Gníomhaí: Moltar do mhúinteoirí gníomhaíochtaí a roghnú ón treoir a bhfuil siad sásta gur féidir iad a dhéanamh agus a mheas ag teacht le comhairle sláinte poiblí. Mar shampla, b'fhéidir go mbeidh ar scoil a roghnaíonn uiscíocht go hiondúil machnamh a dhéanamh ar ghníomhaíocht mhalartach a roghnú.
- Gruaig agus Áilleacht: d'fhéadfadh srianta a bheith i gceist maidir le rochtain a fháil ar mhainicíní beo do na gnéithe praiticiúla.

I gcás an tsainchúrsa gairme, Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide, rachfar ar aghaidh leis an measúnú dhá uair an chloig mar is iondúil ar an 12 Bealtaine 2021, faoi réir comhairle sláinte poiblí.

**Rachfar ar aghaidh leis na trialacha ar fheidhmíocht phraiticiúil mar is iondúil agus déanfar iad a reáchtáil faoi chúinsí scrúdaithe, faoi réir comhairle sláinte poiblí.**

### 2.3.3 Na scrúduithe béil/béaltrialacha

De ghnáth, bíonn scrúduithe béil ATF sna teangacha ar siúl i mí na Bealtaine. I mbliana, beidh na scrúduithe sin ar siúl ón 3 Bealtaine go dtí an 12 Bealtaine 2021, sna teangacha Béarla agus Cumarsáid (iarrthóirí ATF i mBliain 2) Gaeilge Chumarsáideach, Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis, agus Iodáilis (ATF Bliain 1 agus ATF Bliain 2).

Déanfaidh na scoileanna na scrúduithe a reáchtáil taobh amuigh de ghnátham teagaisc ionas nach gcuirfear isteach ar ghnáth-theagasc na scoláirí agus an scrúdú á dhéanamh acu. Mar shampla, féadfar na scrúduithe a sceidealú do thréimhsí roimh nó i ndiaidh an ghnáthlae scoile nó ag an deireadh seachtaine. Is faoi bhainistíocht na scoile atá sé sceideal a leagan amach do na scrúduithe taobh istigh den tréimhse ón 3 Bealtaine go dtí an 12 Bealtaine 2021, ach ba cheart go ndéanfadh scoileanna iarracht an tréimhse do reáchtáil na scrúduithe seo a theorannú do thréimhse cúig lá as a chéile.

Déanfaidh múinteoir nó múinteoirí atá cáilithe sna hábhair chuí, arna gceapadh ag bainistíocht na scoile, na béaltrialacha a reáchtáil faoi chúinsí scrúdaithe.

D'fhéadfadh sé gur ball d'fhoireann na scoile nó d'fhoireann scoile in aice láimhe, agus é/í cáilithe go cuí, an múinteoir, nó sin múinteoir eile atá cáilithe go cuí agus a fhostaíonn an scoil. Íocfaidh CSS na múinteoirí a chuirfidh an tasc seo i gcrích, ar aon dul leis na socruithe atá i bhfeidhm maidir le ceapadh pearsanra scrúduithe go háitiúil. Beidh na gnáthrialacha i bhfeidhm maidir le grinnfhiosrúchán múinteoirí.

Cuirfidh CSS treoir ar fáil do na múinteoirí a mbeidh na scrúduithe á reáchtáil acu. Déanfar an bhéaltriail a thaifeadadh go leictreonach agus cuirfear an taifeadadh ar aghaidh chuig CSS lena mharcáil.

Tá scéim bhliantúil ag CSS chun cúntóir scrúduithe a chur ar fáil agus is féidir leas a bhaint aisti i riar na mbéaltrialacha seo.

## 2.4 Tascanna

Chun go bhféadfar tosaíocht a thabhairt do mheasúnuithe aghaidh ar aghaidh in imeachtaí eile ina bhfuil an idirghníomhaíocht sin níos lárnaí agus níos tábhachtaí sa mheasúnú, tá gné an agallaimh de Thascanna ATF á cur ar ceal mar bheart eisceachtúil. Is é atá mar chuspóir le hagallamh an taisc deis a thabhairt do na hiarrthóirí a bhfoghlaim agus a scileanna cumarsáide ó bhéal a léiriú. I gcás Thasc na gCeisteanna Comhaimseartha (CIT), ní mór d'iarrthóirí cur i láthair gearr ó bhéal a dhéanamh mar chuid den agallamh agus bronnfar marcanna ar leith ar an ngné sin mar chuid den scéim mharcála. Tá sé sin sa bhreis ar an ngné den agallamh a cheadaíonn d'iarrthóirí an t-ábhar ina bpunann a léiriú agus a bhailíochtú. Dá bhrí sin,is féidir le hiarrthóirí marcanna a ghnóthachtáil nó a chailleadh ag brath ar cháilíocht na bhfreagraí a thugtar.

D'uireasa an agallaimh, mar bheart eisceachtúil do 2021, tá na socruithe seo a leanas á gcur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar thascanna ATF. Seachas eisceacht amháin (Tasc na gCeisteanna Comhaimseartha, féach thíos), bronnfar 10 marc ar na hiarrthóirí a thiocfaidh i láthair i gcomhair tascanna i mBliain 1 agus i mBliain 2. Bronnfar na marcanna sin mar chúiteamh d'iarrthóirí i leith na marcanna a d'fheadfaí a bhronnfaí orthu i dtaca lena scileanna cumarsáide ó bhéal nó le gnéithe eile dá bhfóilió scríofa dá gcuirfí faoi agallamh iad.

I gcás Thasc na gCeisteanna Comhaimseartha (CIT), arna gcomhlánú ag iarrthóirí Bliain 2 i Seisiún 3, bronnfar 18 marc sa bhreis ar iarrthóirí. Tá na marcanna sin mar bhreis ar na marcanna a bronnadh orthu dá bhfillteán/bhfóilió scríofa. Bronnfar na marcanna sin mar chúiteamh d'iarrthóirí i leith na marcanna a d'fheadfaí a bhronnfaí orthu i dtaca lena scileanna cumarsáide ó bhéal, lena gcur i láthair ó bhéal nó le gnéithe eile dá bhfóilió scríofa, dá reáchtálfaí an t-agallamh.

Ní mór d’iarrthóirí i mBliain 1 agus i mBliain 2 an Tasc Machnaimh Phearsanta a chríochnú agus a chur isteach. Ní bheidh agallamh mar chuid den mheasúnú ar an Tasc sin.

### 2.4.1 ATF Bliain 1 (2020/21)

- Déanfaidh scrúdaitheoir arna c(h)eapadh ag CSS measúnú sna scoileanna ar na Tascanna i Seisiún 1 (Tasc an Oideachais Ghinearálta) le linn laethanta saoire na Cásca, sé sin le linn na seachtaine dar tús an 6 Aibreán 2021.
- Déanfaidh scrúdaitheoir arna c(h)eapadh ag CSS measúnú sna scoileanna ar na tascanna i Seisiún 2 (An Tasc Ullmhúcháin Gairme agus Tasc an Oideachais Ghinearálta) le linn na seachtaine dar tús an 8 Meitheamh 2021.
- Ba cheart an Tasc Machnaimh Phearsanta Ráiteas 1 a chríochnú i mí na Bealtaine 2021 agus a chur faoi bhráid CSS lena mharcáil, mar is iondúil.

### 2.4.2 ATF Bliain 2 (2020/21)

- Déanfaidh scrúdaitheoir arna c(h)eapadh ag CSS measúnú sna scoileanna ar  na tascanna i Seisiún 3 (Tasc Gnóthachtála Pearsanta agus ceachtar den Tasc Oideachais Gairme nó Tasc na gCeisteanna Comhaimseartha) le linn laethanta saoire na Cásca, le linn na seachtaine dar tús an 6 Aibreán 2021.
- Ba cheart an Tasc Machnaimh Phearsanta Ráiteas 2 a chríochnú i mí na Bealtaine 2021 agus a chur faoi bhráid CSS lena mharcáil, mar is iondúil.

## 2.5 Modúil ATF

I mí Iúil 2020, leagadh amach comhairle maidir le bronnadh creidiúintí ar ATF in ATF Comhairle do bhainistíocht agus do mhúinteoirí ATF 2020/21 i Scoileanna Dara Leibhéal agus in Ionaid don Oideachas.  Dá réir sin, bhí ar iarrthóirí ATF i mBliain 2 dhá Phríomhthasc ar a laghad a chur i gcrích agus go mbronnfaí an chreidiúint as ucht na modúil a chur i gcrích go sásúil, ar an gcoinníoll go bhfuil an scoil sásta go raibh an scoláire rannpháirteach go fiúntach sna modúil lena mbaineann.

Níl aon choigeartú le déanamh ar líon na bpríomhthascanna atá le cur i gcrích ag iarrthóirí ATF1. Féadfar an chreidiúint as ucht na modúil a chur i gcrích go sásúil a bhronnadh ar gach scoláire, ar an gcoinníoll go bhfuil an scoil sásta go raibh an scoláire rannpháirteach go fiúntach sna modúil lena mbaineann.

Bronnfar na creidiúintí as ucht na modúil a chur i gcrích go sásúil ar na scoláirí trí thairseach ATF de réir na ngnáthshocruithe.

## Aguisín 1: Athruithe ar na socruithe do na hábhair go léir a bhfuil comhpháirteanna breise ag gabháil leo

| | **Socruithe leasaithe do na scrúduithe in 2021** |
|---|---|
| **Gaeilge Chumarsáideach** | Béaltriail: 3 -12 Bealtaine 2021<br>Scrúdú scríofa : 10 Meitheamh 2021 |
| **Béarla agus Cumarsáid** | Béaltriail: 3 -12 Bealtaine 2021<br>Scrúdú scríofa : 9 Meitheamh 2021 |
| **Nuatheangacha Iasachta: Fraincis; Gearmáinis; Spáinnis; Iodáilis** | Béaltriail: 3 -12 Bealtaine 2021<br>Scrúdú scríofa :10 Meitheamh 2021 |
| **Teanga Chomharthaíochta** | 10 Meitheamh 2021 * Féach Nóta ar Thráthchlár 2021. |
| **Oideachas Sóisialta** | Scrúdú scríofa : 9 Meitheamh 2021 |
| **Matamaitic** | Scrúdú scríofa : 11 Meitheamh 2021 |

| Sainchúrsaí Gairme – Measúnú Iarrthóirí i mBliain 2 | |
|---|---|
| | **Socruithe leasaithe do na scrúduithe in 2021** |
| **Lónadóireacht Óstáin agus Turasóireacht** | Feidhmíocht Phraiticiúil: 17-21 Bealtaine 2021<br>Scrúdú scríofa: 11 Meitheamh 2021 |
| **Riarachán Oifige agus Cúram Custaiméirí** | Feidhmíocht Phraiticiúil: 17-21 Bealtaine 2021<br>Scrúdú scríofa: 15 Meitheamh 2021 |
| **Staidéar Fóillíochta Gníomhaí** | Feidhmíocht Phraiticiúil: 17-21 Bealtaine 2021<br>Scrúdú scríofa: 17 Meitheamh 2021 |
| **Gruaig agus Áilleacht** | Feidhmíocht Phraiticiúil:17-21 Bealtaine 2021<br>Scrúdú scríofa: 15 Meitheamh 2021 |
| **Talmhaíocht/Gairneoireacht** | Feidhmíocht Phraiticiúil:17-21 Bealtaine 2021<br>Scrúdú scríofa: 16 Meitheamh 2021 |
| **Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide** | Measúnú ionscoile 12 Bealtaine 2021 |
| **Cúram Leanaí/Cúram Pobail** | Obair Chúrsa Phraiticiúil agus agallamh san áireamh:<br>Na seachtainí  dar tús an 8 Meitheamh agus an 14 Meitheamh 2021<br>Scrúdú scríofa: 14 Meitheamh 2021 |
| **Teicneolaíocht** | Obair Chúrsa Phraiticiúil agus agallamh san áireamh:<br>Na seachtainí  dar tús an 8 Meitheamh agus an 14 Meitheamh 2021<br>Scrúdú scríofa: 16 Meitheamh 2021 |
| | |

| | |
|---|---|
| **Innealtóireacht** | Obair Chúrsa Phraiticiúil agus agallamh san áireamh:<br>Na seachtainí dar tús an 8 Meitheamh agus an 14 Meitheamh 2021<br>Scrúdú scríofa: 14 Meitheamh 2021 |
| **Grafaic agus Staidéar Foirgníochta** | Obair Chúrsa Phraiticiúil agus agallamh san áireamh:<br>Na seachtainí dar tús an 8 Meitheamh agus an 14 Meitheamh 2021<br>Scrúdú scríofa: 15 Meitheamh 2021 |
| **Ceardaíocht & Dearadh** | Obair Chúrsa Phraiticiúil:<br>Na seachtaíní dar tús an 8 Meitheamh agus an 14 Meitheamh<br>Scrúdú scríofa: 17 Meitheamh 2021 |